

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC**

**Coláiste Stratford
Rath Garbh, Baile Átha Cliath 6
Uimhir Rolla: 61020A**

Dáta na cigireachta: 19 Bealtaine 2011



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAELGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN G-CIGIREACHT

Dáta na cigireachta	19 Bealtaine 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 4 thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidreamh an-mhaith i bhformhór na ranganna a breathnaíodh.
- Moltar an bhéim a leagadh ar an bhfoghlaim ghníomhach trí úsáid chluichí, obair bheirte agus obair ghrúpa.
- Baineadh úsáid as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) le linn cuid de na ranganna chun tacú le foghlaim na scoláirí.
- Moltar an clár eischuraclaim agus comhchuraclaim a chuirtear ar fáil chun tacú le múineadh na Gaeilge.
- Is inmholta na háiseanna TFC atá ar fáil sa scoil agus na seirbhísí ilghnéitheacha idirlín agus eolais atá ar fáil trí leabharlann na scoile.
- Is fiú go mór an obair a rinneadh go dáta ar chúrsaí pleanála agus ar na scéimeanna oibre ach go háirithe.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar éifeacht na straitéisí a úsáidtear sa rang chun scoláirí a chur ag caint sa sprioctheanga.
 - Níor mhiste úsáid a bhaint as réimse níos leithne ábhair agus acmhainní chun tacú le foghlaim na teanga le linn na gceachtanna.
-

RÉAMHRÁ

Is scoil phríomháideach chomhoideachais í Coláiste Stratford faoi phátrúnacht Eaglais na nGiúdach in Éirinn. Tá 106 scoláire ar an rolla faoi láthair ach tá bainistíocht na scoile ag súil leis go mbeidh tuilleadh forbartha i ndán don scoil sa todhchaí. Múintear Gaeilge do ranganna ilchumais mheasctha sa chéad agus sa dara bliain agus san Idirbhliain. Roinntear scoláirí idir ranganna ardleibhéil agus ranganna gnáthleibhéil sna bliainghrúpaí eile. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na cigireachta i scríbhinn, agus tá freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh an-mhaith i bhformhór na ranganna a breathnaíodh. Áit gur baineadh úsáid as an aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla, moltar an cleachtas sin a sheachaint trí úsáid straitéisí eile chun tuiscint na scoláirí ar ábhar an cheachta a chinntiú.
- Baineadh úsáid as straitéisí éagsúla chun scoláirí a chur ag caint sa sprioctheanga agus chun iad a mhealladh le bheith rannpháirteach agus gníomhach ina gcuid foghlama. Baineadh úsáid as cluichí, obair bheirte agus obair ghrúpa. Moltar athbhreithniú rialta a dhéanamh ar éifeacht na hoibre sin d'fhonn a chinntiú go mbíonn fíorchumarsáid sa sprioctheanga mar thoradh ar an obair.
- Moltar an úsáid a baineadh as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) le linn cuid de na ranganna. D'fhéadfaí tógáil ar an obair sin de réir a chéile chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na háiseanna TFC sa scoil.
- Baineadh úsáid éifeachtach as an gclár bán le linn na ranganna a breathnaíodh. Scaipeadh bileoga oibre agus nótaí ar scoláirí chomh maith agus moltar an obair a rinneadh ar an ábhar sin. Moltar áfach, breis ábhair agus acmhainní a úsáid as rang chun foghlaim na teanga a chomhthéacsú do scoláirí agus a dhéanamh níos spéisiúla dóibh. Moltar úsáid níos rialta a bhaint as podchraoltaí, ceol, físeáin, pictiúir, grianghraif, na meáin chumarsáide Ghaeilge agus aon ábhar eile a bheadh oiriúnach d'fhoghlaim na teanga.
- Bhí go leor ábhair bainteach le múineadh agus foghlaim na teanga in airde sa príomhsheomra ina múintear an Ghaeilge. Is maith ann é an t-ábhar sin mar thacaíocht d'fhoghlaim na scoláirí. Is gá a chinntiú, áfach, go bhfuil na focail mór go leor le léamh go héasca ionas gur féidir le scoláirí úsáid a bhaint astu agus iad ag cumadh abairtí nó ceisteanna.
- Bhí gnéithe d'fhoghlaim na gramadaí fite fuaite tríd na ranganna go léir agus moltar an cur chuige sin. Moltar áfach, go lorgófaí abairtí iomlána ó scoláirí seachas a bheith ag brath ar fhreagraí aon fhocal.
- Ní mór aghaidh a thabhairt ar mhúineadh fhoghraíocht na Gaeilge. Is gá do mhúinteoirí agus do scoláirí araon díriú ar an ngné tábhachtach seo d'fhoghlaim na teanga. Ní mór a bheith airdeallach freisin faoi chruinneas labhartha agus cruinnscríobh na teanga.
- Áit a raibh sé soiléir go raibh deacracht ag grúpa scoláirí ar leith le cruinnscríobh na teanga, ní mór do na múinteoirí an cheist seo a phlé agus straitéisí a cheapadh agus a aontú chun dul i ngleic leis.

- Ba léir go dtugtar agus go gceartaítear obair bhaile ar bhonn rialta. Moltar go mbeadh tagairtí d'fhiúntas na hoibre scríofa i nGaeilge agus go mbeifí cúramach faoi chúrsaí cruinnis.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sásúil go leor ach moltar do bhainistíocht na scoile féachaint ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le tréimhse bhreise a chur ar fáil do cheann amháin de na bliainghrúpaí sa tsraith shóisearach.
- Déanann na múinteoirí Gaeilge agus bainistíocht na scoile iarrachtaí fóna chun próifil ard a thabhairt don teanga sa scoil.
- Cuirtear clár eischuraclaim agus comhchuraclaim maith ar fáil don Ghaeilge. Eagraítear imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge, tugtar scoláirí ar thurais chuig an amharclann, chun na Gaeltachta agus glactar páirt i ndfospóireachtaí Ghael Linn. Ghlac an scoil páirt i gcomórtas Cló Beo agus bhuaigh an iontráil an chéad duais. Moltar an clár imeachtaí a fhorbairt tuilleadh agus moltaí agus tuairimí a lorg ó scoláirí ina leith.
- Tá leabharlann ag an scoil ina bhfuil áiseanna TFC den scoth agus tacaíocht leabharlannaí lán-aimseartha. Tá a lán ábhar ar shuíomhanna éagsúla na scoile. Is féidir le múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí teacht ar acmhainní agus nótaí chun tacú lena gcuid oibre. Tá eolas ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na scoile faoina bhfuil ar siúl sa scoil. Is áiseanna iontacha iad na seirbhísí seo do mhúinteoirí agus do na scoláirí araon.
- Cuirtear buiséad ar fáil do na múinteoirí Gaeilge ar bhonn bliantúil. Moltar dóibh rochtain a fháil ar na suíomhanna idirlín cuí chun eolas a fháil ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le foghlaim na Gaeilge.
- Tagann scrúdaitheoirí seachtracha chun na scoile chun scrúdú béil a chur ar lucht na trú agus na séú bliain. Eagraítear scrúduithe béil foirmeálta faoi dhó sa bhliain do gach rang sa scoil. Moltar an cur chuige seo go mór.
- Déantar anailís bhliantúil ar thorthaí na scrúduithe stáit. Tá líon na scoláirí a thógann ardleibhéal sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit réasúnta seasmhach le tamall anuas agus tá gnóthachtáil na scoláirí feabhsaithe beagán le blianta beaga anuas.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Feidhmíonn an príomhmhúinteoir Gaeilge mar chomhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge. Tagann na múinteoirí Gaeilge le chéile uair sa téarma agus níos minicí más gá chun cúrsaí a phlé. Tá miontuairiscí ar fáil ó na cruinnithe sin i mBéarla amháin, áfach.
- Tá plean ar fáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge. Moltar an obair phleanála go dáta, go háirithe na scéimeanna oibre atá leagtha amach go soiléir, go héifeachtach agus ar bhonn comhtháite.
- Tá polasaí obair bhaile, polasaí measúnaithe agus cuntas ar mhodhanna taifid agus tuairiscithe ar fáil mar chuid den phlean don Ghaeilge.
- Rinneadh pleanáil chuimsitheach chúramach do na ranganna go léir. Ullmhaíodh nótaí, bileoga saothair, ábhair TFC, ábhar cluichí agus ábhar cluastuisceana. Moltar obair na múinteoirí ina leith seo.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinní agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair.

Foilsithe Feabhra 2012

Aguisín

Freagra na scoile ar an tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The School Manager welcomes the report of the Irish subject inspection and its endorsement of the teaching and learning of Irish in Stratford College.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Scheduled subject planning meetings this year will continue to review best practice in the teaching and learning of Irish including the recommendations of the report.